# Beartas Gaeilge

| Beartas CCDSB | |
|---|---|
| **Uimhir Dhoiciméid** | Le sannadh |
| **Oifigeach Freagrach** | Príomhfheidhmeannach |
| **Oifigeach Teagmhála** | Oifigeach Gaeilge |
| **Ceadú** | Meitheamh 2024 |
| **Dáta Éifeachtach** | Meitheamh 2024 |
| **Athruithe** | Leagan 3 |
| **Doiciméid Chealaithe** | Beartas Gaeilge 2014 |
| **Dáta Athbhreithnithe** | Meitheamh 2025 |
| **Uimhir Chomhaid** | Inlíon/beartais & nósanna imeachta / corparáideach /beartas gaeilge |
| **Doiciméid Bhainteacha** | Treoirlínte ar Chúirtéis i leith na Gaeilge<br>Beartas Sráidainmnithe agus Uimhrithe Réadmhaoine |

## 1. Brollach

### 1.1 Cuspóir

Leagann an beartas seo amach gealltanais na Comhairle chun úsáid agus cur chun cinn na Gaeilge a éascú agus a spreagadh. Tógann an beartas seo ar ghealltanais na Comhairle chun ceiliúradh a dhéanamh ar éagsúlacht teanga agus chun comhionannas deiseanna a thabhairt dóibh siúd go léir a bhaineann úsáid as seirbhísí na Comhairle. Leagann sé amach oibleagáidí Chomhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin ó thaobh na reachtaíochta de i dteannta le sonraí ar nósanna imeachta atá le cur i bhfeidhm.

## 1.2 Cúlra

Dar leis na figiúirí ó dhaonáireamh 2011, tá Gaeilge ag 11% den daonra (184,898 duine) i dTuaisceart Éireann. Tá eolas ar an Ghaeilge ag 13.92% den daonra (19,704 duine) i gceantar Chomhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin.

**An Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh**

Cosnaítear cearta cainteoirí Gaeilge i reachtaíocht idirnáisiúnta –a) faoi Chreat-Choinbhinsiún maidir le Mionlaigh Náisiúnta a Chosaint, b) faoi Choinbhinsiún na hEorpa um Chearta an Duine, agus c) faoin Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh. Iarrann an Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh ar shínitheoirí a gcuid beartas a bhunú ar:

- an gá le beart diongbháilte leis na teangacha réigiúnacha nó mionlaigh a chur chun cinn ar mhaithe lena gcosaint; agus
- úsáid teangacha réigiúnacha nó mionlaigh sa chaint agus i scríbhinn a éascú agus/nó a chothú, sa saol poiblí agus príobháideach.

Shínigh Rialtas na Breataine an Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh suas go dtí Cuid III don Ghaeilge. Tá dualgais shonracha ag Comhairlí áitiúla faoi Cuid III, Airteagal 10, den Chairt mar a léirítear thíos.

**Airteagal 10 – Údaráis riarthacha agus seirbhísí poiblí**

1. Laistigh de cheantair riarthacha an Stáit ina bhfuil call leis na bearta atá sonraithe thíos toisc líon mór na gcónaitheoirí a úsáideann na teangacha réigiúnacha nó mionlaigh agus i gcomhréir leis an gcor ina bhfuil gach teanga, gabhann na Páirtithe ar láimh, a mhéad is féidir sin go réasúnta:

(a) (i) a áirithiú go n-úsáideann na húdaráis riarthacha na teangacha réigiúnacha nó mionlaigh, nó

(ii) a áirithiú go n-úsáideann pé oifigigh dá gcuid atá i dtadhall leis an bpobal na teangacha réigiúnacha nó mionlaigh ina gcaidreamh le daoine a dhéanann teagmháil leo sna teangacha sin;

(iii) a áirithiú go bhféadfaidh úsáidirí teangacha réigiúnacha nó mionlaigh iarratais i scríbhinn nó ó bhéal a chur faoina mbráid agus freagra a fháil sna teangacha sin; nó

(iv) a áirithiú go bhféadfaidh úsáidirí teangacha réigiúnacha nó mionlaigh iarratais i scríbhinn nó ó bhéal a chur faoina mbráid sna teangacha sin; nó

(v) a áirithiú go bhféadfaidh úsáidirí teangacha réigiúnacha nó mionlaigh doiciméad a thíolacadh go bailí sna teangacha sin;

(b) téacsanna agus foirmeacha riarthacha arna n-úsáid go forleathan a chur ar fáil don phobal sna teangacha réigiúnacha nó mionlaigh nó i leaganacha dátheangacha;

(c) a cheadú do na húdaráis riarthacha doiciméid a dhréachtú i dteanga réigiúnach nó mionlaigh.

2. I dtaca le húdaráis áitiúla agus réigiúnacha a bhfuil call ar a gcríoch leis na bearta atá sonraithe thíos toisc líon na gcónaitheoirí a úsáideann na teangacha réigiúnacha nó mionlaigh, gabhann na Páirtithe ar láimh:

(a) úsáid na dteangacha réigiúnacha nó mionlaigh mar chuid den údarás réigiúnach nó áitiúil;

(b) an chaoi a bheith ag úsáidirí teangacha réigiúnacha nó mionlaigh iarratais i scríbhinn nó ó bhéal a thíolacadh sna teangacha sin;

(c) údaráis réigiúnacha a ndoiciméid oifigiúla a fhoilsiú freisin sna teangacha réigiúnacha nó mionlaigh ábhartha;

(d) údaráis áitiúla a ndoiciméid oifigiúla a fhoilsiú freisin sna teangacha réigiúnacha nó mionlaigh ábhartha;

(e) údaráis réigiúnacha teangacha réigiúnacha nó mionlaigh a úsáid i ndíospóireachtaí ina gcomhthionóil, gan úsáid theanga oifigiúil nó theangacha oifigiúla an Stáit a eisiamh ar a shon sin;

(f) údaráis áitiúla teangacha réigiúnacha nó mionlaigh a úsáid i ndíospóireachtaí ina gcomhthionóil, gan úsáid theanga oifigiúil nó theangacha oifigiúla an Stáit a eisiamh ar a shon sin;

(g) foirmeacha traidisiúnta cearta de logainmneacha i dteangacha réigiúnacha nó mionlaigh a úsáid nó a ghlacadh in éineacht, más gá, leis an ainm sa teanga oifigiúil nó sna teangacha oifigiúla.

a cheadú agus/nó a chothú.

3. Maidir le seirbhísí poiblí arna gcur ar fáil ag na húdaráis riarthacha nó ag daoine eile ag gníomhú thar a gceann, gabhann na Páirtithe ar láimh, ar an gcríoch ina n-úsáidtear teangacha réigiúnacha nó mionlaigh, i gcomhréir leis an gcor ina bhfuil gach teanga, agus a mhéad is féidir sin go réasúnta:

(a) a áirithiú go n-úsáidtear na teangacha réigiúnacha nó mionlaigh i soláthar na seirbhíse; nó

(b) a cheadú d'úsáidirí teangacha réigiúnacha nó mionlaigh iarraidh a thíolacadh agus freagra a fháil sna teangacha sin; nó

(c) a cheadú d'úsáidirí teangacha réigiúnacha nó mionlaigh iarraidh a thíolacadh sna teangacha sin.

4. D'fhonn éifeacht a thabhairt d'fhorálacha mhíreanna 1, 2 agus 3 atá glactha acu, gabhann na Páirtithe ar láimh ceann amháin nó níos mó de na bearta seo a leanas a ghlacadh:

(a) aistriúchán nó teangaireacht de réir mar is gá;

(b) na hoifigigh agus fostaithe sa tseirbhís phoiblí atá riachtanach a earcú agus, más gá, a thraenáil;

(c) géilleadh oiread agus is féidir d'iarratais ó fhostaithe sa tseirbhís phoiblí a bhfuil eolas ar theanga réigiúnach nó mionlaigh acu le go gceaptar iad sa chríoch ina n-úsáidtear an teanga sin.

5. Gabhann na Páirtithe ar láimh úsáid nó glacadh sloinnte sna teangacha réigiúnacha nó mionlaigh a cheadú arna iarraidh sin do na daoine i dtrácht.

Ní féidir leis an Chairt Eorpach leithcheal a dhéanamh ar úsáideoirí na mórtheanga trí chosaint na mionteanga:

> "Gabhann na Páirtithe ar láimh aon idirdhealú, eisiamh, srianadh nó fabhar nach bhfuil bunús leo a dhíchur, mura bhfuil sé déanta acu cheana, a bhaineann le teanga réigiúnach nó mionlaigh a úsáid agus arb é is aidhm dóibh cothabháil nó forbairt na teanga sin a dhíspeagadh nó a chur i gcontúirt. Bearta speisialta a ghlacadh, ar mhaithe le teangacha réigiúnacha nó mionlaigh, arb é is aidhm dóibh comhionannas a chur ar aghaidh idir úsáidirí na dteangacha sin agus an chuid eile den phobal nó a thugann aird chuí ar a ndálaí sonracha, níl sé le meas mar ghníomh a idirdhealaíonn i gcoinne úsáidirí na dteangacha is mó úsáid." (Airteagal 7, Alt 2)

**Comhaontú Aoine an Chéasta**

Tugann Comhaontú Aoine an Chéasta (an chuid marcáilte 'Cearta, Cosaintí agus Comhionannas Deiseanna: Saincheisteanna Eacnamaíocha, Sóisialta agus Cultúrtha') aitheantas faoi leith don Ghaeilge agus leagann sé amach forálacha móra lena húsáid go poiblí i sochaí nua. Tá gealltanais shonracha déanta ag Rialtas na Breataine, maidir leis an Ghaeilge agus sonraíonn príomhthreoracha na cáipéise:

- nach mór gníomh diongbháilte a ghlacadh leis an teanga a chur chun cinn;
- nach mór úsáid na teanga sa chaint agus i scríobh sa saol poiblí agus príobháideach a éascú agus a spreagadh;
- nach mór deireadh a chur le srianta a dhímholfadh forbairt na teanga.

**An tAcht um Thuaisceart Éireann (Comhaontú Chill Rímhinn) 2006**
In 2006 rinneadh forálacha breise le haghaidh na Gaeilge i gComhaontú Chill Rímhinn - Iarscríbhinn B - comhaontú a dhéanann tagairt shoiléir don ghá le hAcht Gaeilge do Thuaisceart Éireann.

**An Roinn Cultúir Ealaíon agus Fóillíochta – Dréachtstraitéis le Forbairt na Gaeilge a chosaint agus a fheabhsú**
In 2012, d'fhoilsigh an RCEF cáipéis chomhairliúcháin a rinne cur síos ar dhréachtstraitéis le forbairt na Gaeilge a chosaint agus a fheabhsú. Is iad príomhaidhmeanna na Straitéise dréachta ná:

- creat a chruthú ina dtig leis an Ghaeilge bláthú agus ina dtig le gach duine ar mian leo í a úsáid déanamh amhlaidh i gcomhpháirt lena chéile;
- forbairt agus foghlaim na Gaeilge a chosaint agus tacaíocht a thabhairt dó seo; agus
- tuiscint níos fearr ar chúlra na Gaeilge a chur chun cinn.

Cuirtear an chuspóir seo san áireamh:
- líon na ndaoine a bhaineann úsáid as seirbhísí poiblí trí Ghaeilge a mhéadú;

Sa chuid sin den cháipéis faoin teideal 'Riarachán, Seirbhísí agus Cúrsaí Pobail, déantar tagairt faoi leith d'údaráis áitiúla, mar a leanas:

- Ní mór go mbeadh sé de cheart ag cainteoirí Gaeilge a ngnó a dhéanamh trí Ghaeilge le gach rialtas áitiúil, leis an Fheidhmeannas agus le gach roinn eile de chuid an stáit, agus ní mór go n-éascódh an córas dlíthiúil agus eagrais san earnáil phoiblí úsáid na Gaeilge ag saoránaigh.
- Ní mór cláir feasachta agus oiliúna teanga a chur ar fáil le gur féidir le cion níos airde den fhoireann sa tseirbhís phoiblí oibriú, le fírinne, go hiomlán trí Ghaeilge agus seirbhísí a sheachadadh trí Ghaeilge do chustaiméirí a éilíonn a leithéid.
- Ní mór don Ghrúpa Idir-rannach um Sheachadadh na Straitéise na socruithe cuí a dhearadh le líon na státseirbhíseach atá in ann oibriú go dátheangach a mhéadú.
- Ní mór an bealach a éascú do chainteoirí Gaeilge agus iad ag plé leis an earnáil phoiblí ó bhéal agus i scríbhinn, lena n-áirítear údaráis áitiúla, foirmeacha Daonáirimh agus idirghabháil eile dhleathach/leathdhleathach ag saoránaigh.
- In áiteanna a bhfuil ionadaíocht bhuan ag an Fheidhmeannas, ní mór bearta a dhéanamh le cur chun cinn na Gaeilge a chinntiú, in Washington agus sa Bhruiséil, mar shampla.
- Ní mór do na ranna sin san Fheidhmeannas agus do na húdaráis áitiúla sin nach bhfuil seirbhís iontaofa go fóill acu trí Ghaeilge gealltanas a dhéanamh a leithéid a sholáthar taobh istigh d'amscála réasúnach agus poiblíocht a dhéanamh ar an tseirbhís sin.

- Ní mór do na húdaráis áitiúla polasaithe agus pleananna Gaeilge a ullmhú agus oifigigh Ghaeilge a cheapadh nuair is gá. Ní mór soláthar seirbhísí trí Ghaeilge a mhéadú.
- Ní mór do na húdaráis áitiúla áiseanna a chur ar fáil le húsáid na Gaeilge a éascú i gcruinnithe comhairle/coistí nó, sa chás go bhfuil a leithéid ann cheana féin, cur leis na háiseanna sin.
- Sa chás go ndéanfar comhcheangal, faoin Athbhreithniú ar Riarachán Poiblí, idir údarás áitiúil a chuireann seirbhísí ar fáil trí Ghaeilge agus a bhfuil polasaí Gaeilge aige agus údarás eile nach fíor an méid sin ina leith, ní mór don údarás áitiúil a chinntiú nach dtiocfaidh maolú ar bith ar na seirbhísí Gaeilge.

Samhlaítear sa cháipéis fosta gur dóiche go n-ullmhófaí Bille Gaeilge a gcuirfí faoi bhráid an Tionóil a luaithe agus is féidir.

Ceanglaítear ar Chomhairle Chathair Dhoire & Cheantar an tSratha Báin fosta gealltanais chomhionannais agus freagrachtaí reachtaíochta a chomhlíonadh faoi Alt 75 d'Acht Thuaisceart Éireann (1998). Forbraíonn an beartas seo gealltanais na Comhairle chun teacht ar eolas agus sheirbhísí a éascú dóibh siúd ar le pobail teanga mionlaigh iad.

Tá Comhairle Chathair Dhoire & Cheantar an tSratha Báin geallta fosta chun éagsúlacht teanga a chur chun cinn agus chun cuimsiú cultúrtha agus comhionannas deiseanna a chinntiú.

## 2. Raon

Baineann an beartas seo le gach roinn na Comhairle agus leis na seirbhísí a sholáthraíonn sí don phobal. Baineann an beartas seo fosta le cumarsáid idir an Chomhairle agus comhlachtaí eile.

## 3. Sainmhínithe

**An Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh:** Is í atá sa Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh (ECRML) ná Conradh Eorpach (CETS 148) ar glacadh leis i 1992 faoi choimirce Chomhairle na hEorpa le teangacha stairiúla réigiúnacha agus mionlaigh a chosaint agus a chur chun cinn san Eoraip.

**Comhaontú Aoine an Chéasta (Comhaontú Bhéal Feirste):** Síníodh Comhaontú Aoine an Chéasta nó Comhaontú Bhéal Feirste i mBéal Feirste ar 10 Aibreán 1998 (Aoine an Chéasta) ag rialtas na Breataine agus na hÉireann agus ar tacaíodh leis ag formhór na bpáirtithe polaitiúla i dTuaisceart Éireann. Tacaíodh leis an chomhaontú ag vótálaithe Thuaisceart Éireann agus Phoblacht na hÉireann i reifrinn ar leith ar 23 Bealtaine 1998.

**Comhaontú Chill Rímhinn:** Is é a bhí i gComhaontú Chill Rímhinn ná comhaontú idir Rialtas na Breataine agus na hÉireann agus na páirtithe polaitiúla maidir le cinneachadh cumhachta do Thuaisceart Éireann. D'éirigh an comhaontú as cainteanna ilpháirtí a reáchtáladh i gCill Rímhinn, Fife, Albain ó 11 Deireadh Fómhair go 13 Deireadh Fómhair 2006, idir an dá rialtas agus na páirtithe móra go léir i dTuaisceart Éireann, lenar áiríodh an DUP agus Sinn Féin. Mar thoradh air athbhunaíodh Tionól Thuaisceart Éireann, bunaíodh (ar 8 Bealtaine 2007) Feidhmeannacht nua Thuaisceart Éireann, chinn Sinn Féin tacú le Seirbhís Póilíneachta Thuaisceart na hÉireann agus tugadh faoi Acht Gaeilge a thabhairt isteach.

## 4. Ráiteas Beartais

Tá Comhairle Chathair Dhoire & Cheantar an tSratha Báin tiomanta d'úsáid na Gaeilge a chur chun cinn laistigh den chomhairle agus i gceantar Chomhairle Chathair Dhoire & Cheantar an tSratha Báin. Tá an Chomhairle tiomanta do chloí leis an reachtaíocht ábhartha le cinntiú go gcumhdaítear cearta cainteoirí Gaeilge laistigh den chreat beartais agus le cinntiú go dtugtar comhionannas deiseanna dóibh siúd ar mian leo teacht ar eolas agus ar sheirbhísí na Comhairle trí mheán na Gaeilge.

### 4.1 Róil agus Freagrachtaí

Le go mbeadh feidhm straitéiseach ag an bheartas seo ní mór é a chur i bhfeidhm ar fud na Comhairle. Mar a bhíonn amhlaidh le gach beartas corparáideach, is í an Roinn Riaracháin Chorparáidí agus Feabhsaithe Feidhmíochta a fheidhmeoidh mar an roinn fhreagrach.

**Oifigeach Gaeilge (OG):** Beidh an tOG freagrach as treoir agus tacaíocht a sholáthar maidir leis an bheartas. Cuideoidh an tOG leis an Chomhairle le comhlíonadh an bheartais a chinntiú agus sonróidh sé nó sí nósanna imeachta atá le glacadh le haidhmeanna an bheartais a chur ar aghaidh.

**Cinn Roinne:** Tá Cinn Roinne freagrach as baill foirne a chur ar an eolas faoin bheartas agus as an beartas a chur i bhfeidhm laistigh dá ranna féin agus as comhlíonadh an bheartais a chinntiú.

**Foireann na Comhairle:** Ceanglaítear ar gach ball foirne eolas a chur ar an bheartas agus d'fhéadfadh go gceanglófaí orthu dul faoi Oiliúint ar Fheasacht Teanga. Ní mór do gach ball foirne an treoir a leanúint a sholáthraítear laistigh de na Treoirlínte ar Chúirtéis i leith na Gaeilge agus ní mór dóibh beartas a chur i bhfeidhm laistigh dá réimse seirbhíse mar a theastaíonn.

### 4.2 Prionsabail Ghinearálta

#### 4.2.1 Féiniúlacht Chultúrtha

Beidh meas ag Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin ar an cheart atá ag baill den phobal agus fostaithe a n-ainm agus a seoladh a úsáid i nGaeilge.

Beidh meas ag Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin ag ceart na bhfostaithe, Gaeilge a úsáid laistigh den ionad oibre agus ag ceart bhall den phobal Gaeilge a úsáid laistigh d'fhoirgnimh na Comhairle agus i ngnó na Comhairle.

Ní ghlacfaidh Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin le srianta ar an cheart chun Gaeilge a úsáid sa saol poiblí agus ní cheadófar ach an oiread cleachtais leatromacha i dtreo cainteoirí Gaeilge.

#### 4.2.2 Féiniúlacht Chorparáideach

Déanfaidh Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin an fhéiniúlacht chorparáideach a athdhearadh le leagan Gaeilge agus leagan Ultaise den ainm air agus athdhéanfar é de réir na gcáilíochtaí agus na gcaighdeán céanna agus atá ag an bhunfhéiniúlacht. Bainfear úsáid as an leagan trítheangach amháin amach anseo agus úsáidfear an leagan trítheangach amháin ar gach comhfhreagras agus ar gach foilseachán de chuid na Comhairle.

Léireofar é sin i mbeartas agus treoirlínte athbhreithnithe ar Fhéiniúlacht Chorparáideach.

#### 4.2.3 Comhfhreagras

Glacfaidh Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin le gach comhfhreagras scríofa i nGaeilge agus tabharfaidh sí freagra i nGaeilge. Baineann sé sin le gach litir, ríomhphost, fiosrúchán láithreán gréasáin, foirm agus iarratas.

Agus í ag cur tús le comhfhreagras, scríobhfaidh Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin i dteanga roghnaithe an fhaighteora, áit arb eol di go soiléir an rogha seo.

Freagróidh an Chomhairle gach comhfreagras laistigh de na hachair ama atá leagtha amach sa Chairt um Sheirbhísí Custaiméara.

Ní mór comhfhreagras a fhaightear i nGaeilge a chur ar aghaidh chuig an Oifigeach Gaeilge in am réasúnta le gur féidir aistriúchán a dhéanamh air de réir mar atá leagtha síos sa Chairt um Sheirbhísí Custaiméara.

#### 4.2.4. Cumarsáid Theileafóin

Cuirfear socruithe ar bun ag gach pointe idirphlé custaiméirí de chuid na Comhairle le cinntiú gur féidir comhrá teileafóin a dhéanamh trí mheán na Gaeilge,

nuair a iarrtar. Caithfear acmhainní cuí a chur san áireamh áfach; seirbhísí aistriúcháin teileafóin mar Language Line, foireann atá inniúil sa Ghaeilge, srl. Beidh an pobal in ann úsáid a bhaint as Líne na Gaeilge 028 71376579 le teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an Oifigeach Gaeilge nó beidh siad in ann teachtaireacht a fhágáil ar ghlórphost.

Spreagfar baill fhoirne atá ag obair ar an líne thosaigh le freastal ar chúrsaí feasachta teanga le cinntiú go bhfuil siad eolach ar an nós imeachta maidir le freastal ar chustaiméirí le Gaeilge.

### 4.2.5 Ag cur eolas ar fáil i nGaeilge

Aistreofar leaganacha Gaeilge d'eolas na Comhairle ar iarratas.

Aistreofar aistriúcháin inmheánacha atá faoi 250 focal saor in aisce ag an Oifigeach Gaeilge. Eiseofar aistriúcháin atá níos faide ná seo chuig aistritheoirí ar ár roghliosta aistritheoirí agus ateangairí agus beidh an rannóg/roinn/stiúrthóireacht ar a bhfuil an t-aistriúchán de dhíth freagrach as costas an aistriúcháin a íoc.

Beidh an líne "Tá an doiciméad seo ar fáil i bhformáidí eile lena n-áirítear teangacha mionlaigh ar iarratas" ar áireamh i ngach litríocht sheirbhíse agus foilseachán de chuid na Comhairle.

Cuirfear doiciméid atá aistrithe go Gaeilge ar fáil ar an láithreán gréasáin.

Maidir le foilseacháin a ullmhaítear ar leithligh i mBéarla agus Gaeilge, déanfar an dá leagan de réir an deartha chéanna agus an chaighdeáin chéanna de chur i láthair.

Foilseoidh Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin ceithre nuachtlitir i nGaeilge gach bliain airgeadais.

Méadóidh an Chomhairle méid agus fairsinge an eolais atá ar fail i nGaeilge ar an suíomh idirlín.

Beidh gach foirm agus iarratas de chuid na Comhairle ar fáil i nGaeilge. Beidh gach roinn freagrach as cinntiú go bhfuil a gcuid foirmeacha/iarratais féin aistrithe. Uaslódáilfear gach foirm/iarratas aistrithe go Gaeilge go dtí an suíomh idirlín.

### 4.2.6 Caidreamh leis na Meáin

Eiseoidh Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin íosmhéid de cheithre phreas-eisiúint is fiche i nGaeilge in aghaidh na bliana do na meáin Ghaeilge agus áit ar féidir soláthrófar urlabhraí dátheangach ach beidh gá le nótaí comhairliúcháin/cruinniú comhairliúcháin bheith socraithe leis an Oifigeach Gaeilge roimh ré. Coinneoidh an tOifigeach Gaeilge liosta meán Gaeilge suas chun dáta.

### 4.2.7 Cur i láthair/ Óráidíocht Phoiblí/ Imeachtaí

Tabharfar cead do gach ionadaí ó Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin Gaeilge a úsáid ina gcuid láithreachas, in óráidíocht phoiblí agus imeachtaí.

Spreagfar úsáid na Gaeilge ag ócáidí foirmiúla agus cruinnithe poiblí.

Soláthrófar Seirbhísí Ateangaireachta Comhuainí ar iarratas.

### 4.2.8 Imeachtaí

Cinnteoidh Comhairle Chathair Dhoire & Cheantar an tSratha Báin go smaoineofar ar an deis leis an Ghaeilge a chur chun cinn nuair a bhíonn féile/ ceiliúradh cathrach á phleanáil. Beidh sé riachtanach údar a thabhairt le haon chinneadh gan ghné de chur chun cinn na Gaeilge a áireamh laistigh d'imeacht agus na sonraí a áireamh laistigh de thuarascáil an choiste chuí.

Tacóidh Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin le gníomhaíochtaí Gaeilge agus cultúrtha trí himeachtaí a éascú laistigh d'fhoirgnimh agus ionaid na Comhairle áit ar féidir.

### 4.2.9 Comharthaí agus Infheictheacht

Soláthróidh Comhairle Chathair Dhoire & Cheantar an tSratha Báin leaganacha Gaeilge d'ainmneacha sráide agus ainmneacha bóthar mar atá leagtha amach sa Pholasaí Sráidainmnithe agus Uimhrithe Réadmhaoine.

Déanfar innéacs de shráidainmneacha dátheangacha a choimeád agus a nuashonrú. (N.B. Déan trastagairt le do thoil do Bheartas Ainmnithe Sráideanna agus Uimhrithe Réadmhaoine - Rannóg an Innealtóra Cathrach).

Nuair a dhéanfar comharthaí a athsholáthar de réir sceidil, áireofar an Ghaeilge agus Ultais i gcomharthaí laistigh agus lasmuigh ar fhoirgnimh, oifigí ar le Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin iad, comharthaí treo laistigh agus ar fheithiclí. Ní mór don Ghaeilge bheith ar aon mhéid agus ar aon stádas leis an Bhéarla agus ní mór na teangacha a léiriú san ord seo a leanas: Béarla, Gaeilge, Ultais. Ní mór do gach Roinn dréacht-chomharthaíocht a fháil faofa ag an Oifigeach Gaeilge agus an Oifigeach Comhionannais le cinntiú go sásaíonn an chomharthaíocht an beartas Gaeilge agus a Cód um Eolas a Tháirgeadh ar aon.

### 4.2.10 Cúnamh Deontais

Cuirfidh an Chomhairle deiseanna leis an Ghaeilge a úsáid chun cinn trí hiarratais ar chúnamh deontais a spreagadh le haghaidh tionscnamh Gaeilge ó phobal na Gaeilge.

Fógróidh an Chomhairle an clár cúnaimh deontais i nGaeilge ar an láithreán gréasáin agus spreagfaidh sí iarratais i nGaeilge.

# 5. Creat Dlíthiúil & Beartais

## 5.1 Nasc le Plean Corparáideach

Tá ról tábhachtach le himirt ag an Ghaeilge i margaíocht a dhéanamh ar an chathair mar cheann scríbe aitheantais agus ar cheantar Comhairle Chathair Dhoire agus Cheantar an tSratha Báin agus réigiún an Iarthuaiscirt ina iomláine. Tá an Ghaeilge ina cuid de charachtar intreach agus uathúil an réigiúin. Is léir gur féidir tairbhe, ó thaobh na turasóireachta de, a bharrfheabhsú trí húsáid agus infheictheacht mhéadaithe na Gaeilge laistigh de cheantar na Comhairle agus tacóidh an Chomhairle leis an teanga trí háiseanna cultúrtha, cláir agus imeachtaí a sholáthar. Tríd an teanga agus an cultúr a théann léi a chur chun cinn agus úsáid á baint as an chur chuige iltoiseach seo cabhrófar leis an Chomhairle an aidhm atá aici den réigiún a fheabhsú.

Toisc go bhfuil an Ghaeilge ina gné chultúrtha thábhachtach d'oidhreacht na cathrach seo, beidh sé tábhachtach í a chur chun cinn agus a fhorbairt sa mhargaíocht ar an chathair mar cheann scríbe oidhreachta den chéad scoth a fhéadann stádas Suíomh Oidhreachta Domhanda a bhaint amach.

## 5.2 Nasc le beartas agus reachtaíocht níos leithne

Baineann an beartas seo go díreach leis an méid seo a leanas:

Sonraíonn an Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh go bhfuil beartais, reachtaíocht agus cleachtas le bunú ar na cuspóirí agus na prionsabail seo a leanas:

- an Ghaeilge a aithint mar léiriú maoine cultúrtha;
- meas ar cheantar geografach na Gaeilge le cinntiú nach mbeidh rannóga riaracháin reatha nó nua ina mbacainn do chur chun na Gaeilge;
- an gá le gníomh diongbháilte leis an Ghaeilge a chur chun cinn leis an teanga a chosaint;
- úsáid na Gaeilge a éascú agus/nó a spreagadh i gcaint agus scríobh, sa saol príobháideach agus poiblí;
- naisc a choimeád agus a fhorbairt idir grúpaí a úsáideann Gaeilge agus grúpaí eile sa Stát a bhaineann úsáid as an nGaeilge ar bhealach comhionann nó cosúlach, chomh maith le caidreamh cultúrtha a shocrú le grúpaí eile sa Stát a úsáideann teangacha éagsúla;
- foirmeacha agus bealaí cuí a sholáthar le Gaeilge a mhúineadh agus staidéar a dhéanamh uirthi ag gach céim chuí;

- áiseanna a sholáthar a chuireann ar chumas daoine nach cainteoirí Gaeilge iad a bhfuil cónaí orthu sa cheantar a mbaintear úsáid aisti ann í a fhoghlaim más mian leo;
- staidéar agus taighde ar an Ghaeilge a chur chun cinn ag ollscoileanna nó institiúidí comhionanna;
- cineálacha oiriúnacha de mhalairtí trasnáisiúnta agus malairtí trasteorann a chur chun cinn

Tagraíonn Airteagal 10 den Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh go sonrach d'Údaráis Riaracháin agus Seirbhísí Poiblí agus do na prionsabail ábhartha atá ceaptha le hiad a threorú:

- Cinntiú go bhféadann úsáideoirí Gaeilge iarratais bhéil nó scríofa a chur faoi bhráid an údaráis riaracháin;
- Ligean do na húdaráis riaracháin doiciméid a dhréachtú i nGaeilge;
- Gaeilge a úsáid i ndíospóireachtaí ina gcuid tionól, ach gan úsáid teanga(cha) oifigiúil/oifigiúla an Stáit a eisiamh;
- Foirmeacha traidisiúnta agus cearta de logainmneacha i nGaeilge a úsáid nó a glacadh, más gá i dteannta leis an ainm sa teanga oifigiúil/sna teangacha oifigiúla.

Maidir le seirbhísí poiblí a sholáthraíonn údaráis riaracháin nó daoine eile ag gníomhú ar a son, ní mór don Chomhairle tabhairt faoi:

- Ceadú d'úsáideoirí iarratas a chur faoina bráid i nGaeilge.
- Aistriúchán nó ateangaireacht a sholáthar de réir mar a d'fhéadfadh bheith ag teastáil;
- Úsáid nó glacadh le hainmneacha teaghlaigh i nGaeilge a cheadú ar iarratas uathu siúd atá i gceist.

Léiríonn an beartas seo freisin cuid de na hoibleagáidí atá aitheanta laistigh de:

- An Creat-Choinbhinsiún maidir le Mionlaigh Náisiúnta a Chosaint;
- Coinbhinsiún na hEorpa um Chearta an Duine;
- Alt 75 d'Acht Thuaisceart Éireann;
- Comhaontú Aoine an Chéasta, agus
- Comhaontú Chill Rímhinn.

## 6. Measúnacht Tionchair

### 6.1 Scagadh agus Measúnú Tionchair ar Chomhionannas

Rinneadh an dréachtbheartas seo a scrúdú do thionchair ar chomhionannas agus ní gá leis dul faoi scrúdú athuair. Tá cóip den Cheistneoir Scrúdaithe Comhionannais ar fáil ar ár suíomh idirlín nó ar iarratas ón Oifigeach Gaeilge.

## 6.2 Tionchar ar bhaill foirne agus acmhainní airgeadais

Beidh tionchar ag an bheartas seo ar bhaill foirne agus beidh Oiliúint ar Fheasacht Teanga agus Oiliúint Scileanna Teanga ag teastáil go háirithe orthu siúd a dhéanann idirphlé le custaiméirí poiblí. Déanfar an beartas a chur i bhfeidhm ar bhonn céimnithe i gcuspóirí láithreacha, gearrthéarmacha agus fadtéarmacha. Ní bheidh mórán impleachtaí ar acmhainní, más ann dóibh, ag cuspóirí láithreacha ach le haghaidh cur i bhfeidhm gearrthéarmach agus fadtéarmach beidh dáileadh acmhainní nach bhfuil cainníochtaithe fós ag teastáil le costais aistriúcháin, ateangaireachta, foilseacháin, deartha agus costais bhainteacha a chlúdach.

## 6.3 Forbairt inbhuanaithe

Beidh tionchar neodrach ag an bheartas seo ar inbhuanaitheacht.

## 6.4 Tionchair eile

Beidh sé riachtanach le haghaidh an bheartais seo machnamh gníomhach a dhéanamh ar an Ghaeilge thar gach réimse de ghnó na Comhairle. Beidh aistriú cultúir i gceist leis seo a bhaint amach agus gá le feasacht mhéadaithe ar ábharthacht na teanga in obair agus i gcumarsáid gach Roinn Comhairle. Beidh sé riachtanach láithreán gréasáin na Comhairle a nuashonrú chomh maith le gnéithe de bhrandáil chorparáideach, stáiseanóireacht agus comharthaí le freastal ar an teanga agus d'fhéadfadh na hathruithe sin dul i bhfeidhm ar dhearcadh an phobail i leith na Comhairle agus ar a féiniúlacht chathrach.

## 7. Cur i bhFeidhm

Is ar Roinn an Chléirigh Baile agus an Phríomhfheidhmeannaigh a bhfuil an fhreagracht iomlán as an bheartas i leith na Gaeilge a chur i bhfeidhm. Cabhróidh an tOifigeach Gaeilge le cur i bhfeidhm oibriúcháin an bheartais.

## 7.1 Oiliúint

Cuirfear oiliúint ar fheasacht teanga agus scileanna teanga ar fáil do gach ball foirne de chuid na Comhairle. Ní mór do gach Ceann Roinne cinntiú go bhfuil siad féin agus a mbaill foirne ar an eolas faoi na hoibleagáidí a bhaineann lena réimsí seirbhíse faoin bheartas. Ní mór do bhaill foirne nua dul faoi oiliúint ar fheasacht teanga mar chuid dá n-ionduchtaithe.

Soláthróidh an Chomhairle Oiliúint ar Scileanna Gaeilge do raon de bhaill foirne le seirbhís inniúil a sholáthar trí Ghaeilge don phobal.

Tabharfar oiliúint do bhaill foirne atá ag obair in idirphlé cúraim chustaiméirí lena n-áireofar baill foirne fáiltithe le beannachtaí simplí a úsáid i nGaeilge agus le

bheith in ann ainm an údaráis áitiúil a aithint i nGaeilge agus cuirfear cúrsa ar leith ar fheasacht teanga ar fáil dóibh.

### 7.2 Acmhainní

Cuirfear seirbhísí aistriúcháin, ceartúcháin agus léitheoireachta profaí ar fáil do gach roinn agus déanfar dearbhú cáilíochta ar sheirbhísí aistriúcháin an roghliosta.

Aithneofar acmhainní le haghaidh áiseanna tacaíochta d'úsáid na Gaeilge ionas go soláthrófar treoirleabhair téarmaíochta na hearnála poiblí, foclóirí, leabhair frásaí, comharthaí srl. ar fáil do bhaill foirne agus ionas go bhféadfar na hacmhainní sin a athshlánú agus/nó a uasghrádú nuair is gá.

Coimeádfaidh baill foirne fáiltithe liosta foirne d'oifigigh atá oilte le glaonna agus fiosrúcháin i nGaeilge a láimhseáil agus aithneofar na hoifigigh sin go soiléir ar liostaí folínte.

### 7.3 Comhairle

Is féidir tuilleadh eolais ar an bheartas seo agus comhairle maidir le ceisteanna Gaeilge a lorg ón Oifigeach Gaeilge. Is féidir comhairle dhlíthiúil a fháil ón Rúnaí agus Aturnae Cathrach.

### 7.4 Treoirlínte agus Foirmeacha

Déan tagairt do na Treoirlínte ar Chúirtéis i leith na Gaeilge.

### 7.5 Straitéis Chumarsáide

Is ar an Oifigeach Gaeilge a bhfuil freagracht as an bheartas seo a chur in iúl. Socrófar oiliúint i gcomhpháirt leis an Oifigeach Oiliúna.

### 7.6 Bainistíocht Riosca

Má mhainnítear an beartas seo a chur i bhfeidhm d'fhéadfadh go mainneodh an Chomhairle a cuid oibleagáidí ó thaobh na reachtaíochta de, oibleagáidí ó thaobh na seirbhíse custaiméirí de agus oibleagáidí maidir le comhionannas deiseanna a chomhlíonadh.

## 8. Monatóireacht, Athbhreithniú agus Luacháil

Beidh an beartas seo faoi réir athbhreithnithe bliantúil nó níos luaithe de réir mar a d'fhéadfadh bheith ag teastáil mar gheall ar athruithe reachtaíochta nó athruithe de réir dea-chleachtais.

Cuirfear athbhreithniú ar dhul chun cinn i dtreo cuspóirí na Cairte Eorpaí a chomhlíonadh agus an tuarascáil ar dhul chun cinn ar fáil go poiblí.

## 9. Admháil/Buíochas

N/bh